

▶ Aonad 8

# Scáthgheilleagar, Comhlíonadh agus an Biúró um Shócmhainní Coiriúla (CAB)

Plean Ceachta





## 1.0 Toradh Foghlama

Chun na rudaí seo a thuiscint: coincheap an scáthgheilleagair, agus na hidirghabhálacha comhlíonta is féidir leis na Coimisinéirí Ioncaim a úsáid, agus ról an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla (CAB).



## 2.0 Spriocanna Foghlama

Ag deireadh an aonaid seo, beidh mé in ann:

1. An scáthgheilleagar a mhíniú agus samplaí de ghníomhaíochtaí an scáthgheilleagair a chur ar fáil
2. Míniú a thabhairt ar an tionchar diúltach a bhíonn ag gníomhaíochtaí scáthgheilleagair ar dhaoine aonair, ar ghnólachtaí agus ar gheilleagar na hÉireann
3. Míniú a dhéanamh ar choincheap an chomhlíonta cánach a mhíniú agus ar na rudaí a tharlaíonn nuair nach ndéantar comhlíonadh
4. Cur síos a dhéanamh ar ról an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla (CAB)



## 3.0 Duration

2 x rang uair an chloig



## 4.0 Naisc

### Naisc Litearthachta

Scáthgheilleagar, Seachobair, Seachaint cánach, Tuairisc Dea-Shaoránaigh, Comhlíonadh, An Biúró um Shócmhainní Coiriúla (CAB)

### Naisc Uimhearthachta

Céatadáin, Iolrú, Roinnt

### Naisc Traschuraclaim

Cuntasaíocht, Gnó, Eolaíocht Ríomhaireachta, Eacnamaíocht, Tíreolaíocht, Mata

### Scileanna Idirbhliana

A bheith éifeachtach go pearsanta, Cumarsáid, Smaointeoireacht chriticiúil agus chruthaitheach, Próiseáil faisnéise, Obair le daoine eile





## 5.0 Acmhainní

Is iad seo thíos na hacmhainní atá ag teastáil don cheacht seo:

1.	Clár bán, teilgeoir, ríomhaire pearsanta / ríomhaire glúine le nasc idirlín
2.	Plean Ceachta
3.	Cur i láthair PowerPoint
4.	Bileog Oibre (1 & 2) le haghaidh Gníomhaíocht Scoláirí
5.	Bileog Oibre (2) le haghaidh Gníomhaíocht Scoláirí & Freagraí
6.	Dialann Foghlama Scoláire

## 6.0 Réamhrá


Tugann an múinteoir breac-chuntas gairid ar na spriocanna foghlama ar shleamhnán PowerPoint 2 chun na hábhair atá le clúdach le linn an aonaid a thaispeáint. Dáileann sé/sí cóip d'Aonad 8: Bileoga Oibre (1 & 2) le haghaidh Gníomhaíocht Scoláirí ar gach scoláire.

### 6.1 Dul Siar

#### Gníomhaíocht 1

Oibríonn na scoláirí ina n-aonar / ina mbeirteanna chun an crosfhocal a líonadh isteach bunaithe ar leideanna ó Aonad 7: Custaim. Is féidir freagraí na scoláirí a thaifeadadh ar Aonad 8: Bileog Oibre (1) le haghaidh Gníomhaíocht Scoláirí, Gníomhaíocht 1. Is féidir an cleachtadh seo a cheartú mar ghníomhaíocht ranga iomlán ar shleamhnán PowerPoint 3.

#### Freagraí



## 7.0 Réamhrá: an Scáthgheilleagar

Úsáideann scoláirí **Smaoinigh-Oibrigh i bPéirí-Roinn** chun iarracht a dhéanamh an **scáthgheilleagar** a mhíniú agus a gcuid **freagraí** a thaifeadadh ar **Aonad 8: Bileog Oibre (1)** le haghaidh **Gníomhaíocht Scoláirí, Gníomhaíocht 2**. Roinntear na sainmhínte molta seo **leis an rang** agus is féidir leis an múinteoir iad a **thaifeadadh** ar **shleamhnán PowerPoint 4**.

Tugann an **múinteoir míniú** ar an **scáthgheilleagar** ar **shleamhnán PowerPoint 5**, ag tabhairt **sampla** de **ghníomhaíocht** sa **scáthgheilleagar**.

### Gníomhaíocht 3

Má tá an **idirlíon** agus/nó **gléasanna** ar fáil, d'fhéadfadh scoláirí **gníomhaíochtaí scáthgheilleagair** a mholadh ar **shuíomhanna vótála ar líne**, m.sh. [www.menti.com](http://www.menti.com). Nó, is féidir le **scoláirí oibriú i mbeirteanna / i ngrúpaí** chun smaoineamh ar **ghníomhaíochtaí sa scáthgheilleagar**, agus is féidir na moltaí seo a **thaifeadadh** ar **Aonad 8: Bileog Oibre (3)** le haghaidh **Gníomhaíocht Scoláirí, Gníomhaíocht 3**. Is féidir le scoláirí a gcuid moltaí a **roinnt** agus a **phlé leis an rang**. Taispeánann an **múinteoir samplaí** de **ghníomhaíochtaí sa scáthgheilleagar** ar **shleamhnán PowerPoint 7-9**.

### Gníomhaíocht 4

Ina **n-aonar**, líonann scoláirí **Aonad 8: Bileog Oibre (1)** le haghaidh **Gníomhaíocht Scoláirí, Gníomhaíocht 4** isteach chun a fháil amach an bhfuil na gníomhaíochtaí liostaithe **mar chuid den scáthgheilleagar / nach bhfuil siad mar chuid den scáthgheilleagar**. Is féidir leis an múinteoir iad seo a **cheartú** ar **shleamhnán PowerPoint 10**.

### Freagraí

Ráiteas	Cuid den scáthgheilleagar	Ní cuid den scáthgheilleagar é
1. Earraí bréige a cheannach ó stáinín margaidh	✓	
2. D'ioncam go léir a dhearbhu, ag cur airgead tirim san áireamh, ar do thuairisceán cánach bliantúil		✓
3. Ticéid d'imeachtaí a cheannach ó fhoinsí oifigiúla		✓
4. Íoc as bearradh gruaige a fuair tú i do theach féin le airgead tirim agus gan admháil a fháil	✓	
5. Táirgí a smuglail isteach go hÉirinn gan na cánacha cuí a íoc	✓	
6. Seachobair a dhéanamh	✓	
7. Meicneoir a íoc chun d'fheithicil a dheisiú i ngaráiste údaraithe agus admháil a fháil don obair		✓
8. Gnó a reáchtáil agus Sochar Cuardaitheora Poist á éileamh agat	✓	
9. Gan an córas Cánach Breisluacha a úsáid/oibriú	✓	
10. A chinntiú go bhfaigheann tú sonrasc i leith na n-oibreacha go léir a dhéanann siúinéir ar do theach		✓

## Gníomhaíocht 5

Taispeánann an **múinteoir** an **cás** faoi Phádraig ag déanamh **gníomhaíochtaí sa scáthgheilleagar** ar **shleamhnán PowerPoint 11**. Tugtar am do scoláirí é a léamh arís agus le machnamh a dhéanamh ar an gcás ag úsáid **Aonad 8: Bileog Oibre (1) le haghaidh Gníomhaíocht Scoláirí, Gníomhaíocht 5**, agus déanann siad cinneadh cé acu a chuirfidís nó nach gcuirfidís na Coimisinéirí Ioncaim ar an eolas maidir le seachaint cánach Phádraig. Éascaíonn an múinteoir **plé ranga iomlán** ar an ábhar chun **tuairimí na scoláirí** ar an gcás a **chloisteáil**.

D'fhéadfadh plé iomlán ranga a bheith ann faoi ábhair den chineál seo:

- Tá Pádraig ag déanamh gníomhaíochta a bhaineann leis an scáthgheilleagar, e.g. níl sé ag tuairisciú foinse ioncam inchánach
- Tá fostóir Phádraig ag déanamh gníomhaíochta a bhaineann leis an scáthgheilleagar, e.g. chun íocaíochtaí ÁSPC a sheachaint níl sé ag coinneáil taifead ar na híocaíochtaí d'fhostaithe.
- D'fhéadfadh torthaí eile a bheith ann do Phádraig agus dá fhostóir mar go raibh siad ag obair sa scáthgheilleagar e.g. d'fhéadfaí tuairisc a chur chuig na Coimisinéirí Ioncaim faoin tseachaint cánach nó go n-aithneodh na Coimisinéirí í agus go bhféadfadh siad idirghabháil a oscailt
- Seans nach ngéilleann fostóir Phádraig do dhlíthe eile fostaíochta, agus dá bharr sin, seans nach mbeidh cosaint ag Pádraig gur fostaí é, e.g. briseadh poist gan rabhadh, níl uasteorainn uaireanta an chloig ann, níl sé ag comhlíonadh rialúcháin slándála.

## 7.1 Tionchar Gníomhaíochtaí an Scáthgheilleagair

### Gníomhaíocht 6

Iarrann an múinteoir ar **scoláirí smaoineamh ar an tionchar a bhíonn ag gníomhaíochtaí an scáthgheilleagair ar gheilleagar na hÉireann**. D'fhéadfaí **leideanna** a thabhairt ar nós **caiteachas rialtais, soláthar seirbhísí poiblí agus cailteanas post**. D'fhéadfadh **scoláirí oibriú i mbeirteanna / i ngrúpaí** chun a gcuid moltaí/tuairimí ar **Aonad 8 a thaifeadadh: Bileog Oibre (1) le haghaidh Gníomhaíocht Scoláirí, Gníomhaíocht 6** agus d'fhéadfadh an **múinteoir** iad seo a **nótáil** ar **shleamhnán PowerPoint 12**.

Téann an **múinteoir** trí roinnt **samplaí coitianta** de **thionchar diúltach** an scáthgheilleagair ar **shleamhnáin PowerPoint 13-14**.

## 7.2 Gníomhaíochtaí sa scáthgheilleagar a thuairisciú

Téann an múinteoir trí na modhanna a d'fhéadfadh an pobal a úsáid chun gníomhaíochtaí sa scáthgheilleagar a thuairisciú, chomh maith leis na sonraí a theastaíonn ó na Coimisinéirí Ioncaim agus Tuairisc Imghabhála Cánach á déanamh. Taispeántar an t-eolas seo ar shleamhnáin PowerPoint 15-16.

## 7.3 Na Rudaí a Tharlóidh do Dhaoine Aonair atá ag Feidhmiú sa Scáthgheilleagar

Oibríonn na scoláirí i mbeirteanna / i ngrúpaí chun na rudaí a d'fhéadfadh tarlú do dhaoine aonair a aithint má fhaightear amach go bhfuil siad ag feidhmiú sa scáthgheilleagar. Is féidir leis na scoláirí iad seo a thaifeadadh ar Aonad 8: Bileog Oibre (1) le haghaidh Gníomhaíocht Scoláirí, Gníomhaíocht 7 agus is féidir leis an múinteoir iad a nótaíl ar shleamhnán PowerPoint 17. Téann an múinteoir trí roinnt rudaí a d'fhéadfadh tarlú ar shleamhnán PowerPoint 18.



### Tasc Breise

## 7.4 Gearrthóg Físe

Más mian le scoláirí scrúdú a dhéanamh ar earraí bréige, scáthgheilleagar agus seachaint cánach, d'fhéadfaidís féachaint ar an ngearrthóg ar shleamhnán PowerPoint 19: [Cad a tharlaíonn mura n-íocann tú do chánacha](#) [6m 48]

## 8.0 Comhlíonadh

Glacann na scoláirí páirt i bplé ranga iomlán ar na ceisteanna a thaispeántar ar shleamhnán PowerPoint 20 maidir le comhlíonadh. D'fhéadfadh an múinteoir an plé a spreagadh maidir leis an gcomhlíonadh deonach a theastaíonn don chóras féinmheasúnaithe. Cuireann an múinteoir sonraí ar fáil maidir le comhlíonadh agus Idirghabhálacha Comhlíonta a úsáideann na Coimisinéirí Ioncaim ar shleamhnáin PowerPoint 21-22.

### Nochtadh cáilitheach a dhéantar gan iarraidh

Is nochtadh é seo a dhéantar ag am ar bith sula n-eisítear litir fógra um iniúchadh na gCoimisinéirí Ioncaim, nó sula dtosaítear imscrúdú.

### Nochtadh cáilitheach a dhéantar mar gheall ar spreagadh

Is nochtadh é seo a dhéantar tar éis duit fógra um iniúchadh na gCoimisinéirí Ioncaim a fháil. Ní mór don nochtadh a bheith déanta idir na dátaí seo:

- an dáta a chuireann na Coimisinéirí Ioncaim ar an eolas thú faoi dháta tosaigh an iniúchta
- an dáta a thosaítear an t-iniúchadh.

D'fhéadfadh an múinteoir ceist a chur ar **scoláirí** an bhféadfaidís moladh a dhéanamh ar **na rudaí a d'fhéadfadh tarlú** do dhaoine aonair agus do ghnólachtaí **nach bhfuil comhlíontach**. Taispeántar iad seo ar **shleamhnán PowerPoint 23**.



### Tasc Breise

## 8.1 Liosta na Mainnitheoirí Cánach

Más mian le scoláirí **scrúdú níos míne a dhéanamh ar liosta na mainnitheoirí cánach**, d'fhéadfaidís **cuardach ginearálta ar líne** a dhéanamh trí úsáid a bhaint as na príomhthearmaí, m.sh. 'Liosta mainnitheoirí cánach 2024'. Leagfaidh sé seo **béim ar liosta na mainnitheoirí cánach ar shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim** chomh maith le **hailt nuachta** ina ndéantar achoimre ar phríomhphointí an liosta.

D'fhéadfadh na scoláirí **scrúdú a dhéanamh ar an liosta ó pheirspictíocht slí bheatha/méid dlite/geografach** agus a gcuid tuairimí a phlé.



### Tasc Breise

## 8.2 Gearrthóg Físe ar Sheachaint Cánach

Is féidir le scoláirí féachaint ar an **ngearrthóg** ó Choimisiún an Aontais Eorpaigh a bhaineann le **seachaint cánach** dar teideal: [An Chuid ar Iarraidh](#) [1m 39] ar **shleamhnán PowerPoint 24**.

## 9.0 An Biúró um Shócmhainní Coiriúla (CAB)

Taispeántar na **híomhánna ar shleamhnán PowerPoint 25** a bhaineann leis an **mBiúró um Shócmhainní Coiriúla (CAB)** do scoláirí chun tús a chur le **plé gairid ar aidhm agus ar ról** na gníomhaireachta.

Tugann an **múinteoir** cur síos ar **bhunú** agus ar **chuspóirí CAB ar shleamhnáin PowerPoint 26-28**. Míníonn an múinteoir **na gníomhaireachtaí a bhfuil baint acu le hoibríochtaí CAB ar shleamhnán PowerPoint 29**. Is féidir le scoláirí féachaint ar an **ngearrthóg, An Biúró um Shócmhainní Coiriúla** [6m 13] ar **shleamhnán PowerPoint 30** chun tuilleadh **eolais a fháil faoi oibriú na gníomhaireachta**.

Cosúil leis an **Tuairisc Dea-Shaoránaigh** a rinneadh leis na Coimisinéirí Ioncaim, is féidir tuarascáil rúnda den chineál céanna a dhéanamh le CAB, mar atá leagtha amach ar **shleamhnán PowerPoint 31**.

## Gníomhaíocht 7

Is féidir le scoláirí scrúdú a dhéanamh ar dáileadh geografach na spriocanna atá á n-imscrúdú ag CAB ar shleamhnán PowerPoint 32. Is féidir le scoláirí na ríomhanna/suimeanna a líonadh isteach ar Aonad 8: Bileog Oibre (1) le haghaidh Gníomhaíocht Scoláirí, Gníomhaíocht 8.

### Freagraí

Contae	Céatadán
Luimneach	$(147 / 1,170) \times 100 = 12.6\%$
Maigh Eo	$(6 / 1,170) \times 100 = 0.5\%$
Loch Garman	$(50 / 1,170) \times 100 = 4.27\%$
Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath Theas	$(188 / 1,170) \times 100 = 16.1\%$
Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath an Iarthair	$(293 / 1,170) \times 100 = 25\%$

## 9.1 Gabhálacha CAB

Scrúdaíonn na scoláirí an méid iomlán a bailíodh trí ghabhálacha CAB ó 1996-2021 ar shleamhnán PowerPoint 33. Is féidir le scoláirí scrúdú a dhéanamh freisin ar na híomhánna ar shleamhnáin PowerPoint 34-35 a thaispeánann gabhálacha atá déanta ag CAB le déanaí.



### Tasc Breise

## 9.2 Gabhálacha CAB

Déanann scoláirí roinnt taighde ar líne chun eolas a fháil ar ghabhálacha atá déanta ag CAB le déanaí. Is féidir an t-eolas seo a fháil ar a gcuid nuachta is déanaí ar [www.cab.ie](http://www.cab.ie) nó in scéalta nuachta, [m.sh.www.independent.ie](http://m.sh.www.independent.ie), [www.thejournal.ie](http://www.thejournal.ie), [www.irishexaminer.ie](http://www.irishexaminer.ie), [www.irishtimes.com](http://www.irishtimes.com) agus [www.rte.ie](http://www.rte.ie).

## 10.0 Dul Siar

Líonann scoláirí Bileog Oibre (2) le haghaidh Gníomhaíocht Scoláirí isteach chun athbhreithniú a dhéanamh ar an ábhar a clúdaíodh in Aonad 8.

## 11.0 Dialann Foghlaimeora

Dáileann an múinteoir teimpléad den dialann foghlama agus líonann scoláirí isteach an dialann foghlama a bhaineann leis an aonad seo.